

# ELeathanach317

Dé Máirt 19 Márta 2019

## Agóidí faoin athrú aeráide ar fud an domhain

An mhí seo caite ar ELeathanach bhí scéal againn faoi Greta Thunberg, cailín 16 bliana d'aois ón tSualainn. Tá sí an-bhuartha faoi athrú aeráide agus i mí Lúnasa seo caite thosaigh sí agóid chun béim a chur ar an bhfadhb seo.

Spreag Greta daoine óga ar fud an domhain agus Dé hAoine seo caite bhí agóidí ar siúl timpeall an domhain. Bhí daoine óga i 105 tír ar stailc. In Éirinn bhí na mílte ar na sráideanna i 37 áit ar fud na tíre.

An tseachtain seo caite fuair Greta ainmniúchán do ghradam síochána Nobel. Tá 301 duine ainmnithe don ghradam seo agus fógróidh siad na buaiteoirí i mí na Nollag.

Sa bhliain 2014 bhronn siad gradam síochána Nobel ar chailín óg eile; Malala Yousafzai. Bhí Malala 17 mbliana d'aois ag an am. Bhí sí ag iarraidh go mbeadh sé de cheart ag gach páiste freastal ar scoil.



## Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar siúl in Abu Dhabi

Thosaigh na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Abu Dhabi Déardaoin. Leanfaidh na cluichí go dtí Déardaoin an 21 Márta.

Tá ag éirí go han-mhaith le foireann na hÉireann agus neart bonn buaite acu cheana féin idir ór, airgead agus chré-umha. I measc na mbuaiteoirí bhí Jack Mc Fadden a bhuaigh bonn óir sa snámh. Is as Baile Átha Cliath é.

Bhuaigh Oisín Ferry bonn óir sa chadhcáil thar 200m. Is as an Tulach Mhór i gCo. Uíbh Fhailí é. Bhuaigh Oisín bonn cré-umha sa chadhcáil thar 500m freisin.

Bhuaigh Michelle O'Keane bonn airgid, agus bhuaigh Fergal Gregory agus Deirdre O'Callaghan bonn cré-umha an duine sa chadhcáil thar 500m freisin.



Ag cadhcáil

## Dancing With the Stars: trí pháirtí fágtha anois!

Beidh an clár deireanach den tsraith *Dancing With the Stars* ar siúl Dé Domhnaigh. Tá trí pháirtí fágtha anois agus tá siad ag súil go mór leis an mbabhta ceannais. Is iad Cliona Hagan, Mairéad Ronan agus Johnny Ward na daoine cáiliúla a bheidh ag damhsa sa bhabhta ceannais Dé Domhnaigh.

Dé Domhnaigh seo caite bhí Cliona Hagan ag damhsa agus thit a scaif ar an urlár faoina cosa. Bhí sé deacair uirthi agus a páirtí, Robert Rowiński, damhsa agus an scaif ag cur isteach orthu. Ar deireadh phioc Robert an scaif agus chaith sé an scaif amach as an mbealach.

D'fhág Fred Cooke an clár ag an deireadh seachtaine. Dúirt sé nár cheap sé go mbeadh sé sa bhabhta leathcheannais den chomórtas riamh.



Beidh Cliona, Mairéad agus Johnny ag damhsa lena bpáirtithe sa bhabhta ceannais.